



Uimhir Charthannachta: 20052508
CHY 15308

POLASAÍ AR GHRIANGRAIF AGUS FÍSEÁIN

**Faomhaithe ag Coiste Stiúrtha
Feachtas ar 13 Nollaig, 2014**

Beartas Feachtas i dtaobh grianghraif agus físeáin a ghlacadh

Is é aidhm an pholasaí seo ná dea-chleachtas sábháilte a bhunú agus a chothú in Feachtas maidir le grianghraif agus físeáin a ghlacadh de na daoine óga lena mbíonn muid ag plé. Leis an bpolasaí seo agus na treoirlínte a bhfuil ann, ba cheart go mbeidh baill foirne in ann grianghraif agus físeáin oiriúnacha a ghlacadh de dhaoine óga ag baint taitnimh as imeachtaí Feachtas agus go mbeidh muid in ann an t-ábhar seo a úsáid in ábhar margaíochta agus poiblíochta na heagraíochta.

Chun críche an pholasaí seo, tá na gléasanna grianghrafadóireachta agus scannánaíochta seo a leanas san áireamh: ceamaraí, físcemaraí, fóin, iPadanna, táibléid agus aon ghléas eile lena féidir grianghraif nó físeáin a ghlacadh.

Cuspóirí

- x Sábháilteacht agus leas na ndaoine óga a ghlacann páirt in imeachtaí Feachtas a chosaint.
- x Cinntiú go bhfuil baill foirne Feachtas ar an eolas bhfaoin bhfreagracht atá orthu i dtaobh grianghraif agus físeáin de na daoine óga a úsáid.

Eolas Ginearálta

Tá cead grianghraif agus físeáin a ghlacadh de dhaoine óga ag imeachtaí Feachtas más rud é gur lorgáidh cead ó thuismitheoir/chúramóir an duine sin roimh ré grianghraif/físeáin dá bpáistí a ghlacadh agus a úsáid. Ba chóir foirm cheada a bheith ceangailte le gach litir maidir le ballraíocht, turais, comórtais, imeachtaí, etc.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur beag an tionchar atá againn nó nach bhfuil tionchar ar bith againn ar ghrianghraif a ghlacann agus a fhoilsíonn na meáin chumarsáide. Tá treoirlínte éagsúla ann dá leithéid.

Treoirlínte maidir le grianghraif agus físeáin a ghlacadh de pháistí

Ba chuid fhoireann Feachtas na n-eolíní a leanann a leanáin i d-aobh grianghraf agus físeán a ghlacadh.

- x Gheofar cead ón múinteoir/tuismitheoir/cúramóir agus ó na leanáin araon más mian grianghraif/físeáin a ghlacadh. Más mian le Feachtas grianghraf/físeán de leanbh a úsáid ar mhaithe le bolscaireacht nó poiblíocht, ní mór dul i dteagmháil le cúramóirí/tuismitheoirí an linbh agus cead scríofa a fháil chun íomhánna a ghlacadh, a stóráil agus a úsáid.
- x Ní thógfaidh baill foirne grianghraif/físeáin de leanáin ar chúiseanna ar bith eile ach amháin ar chúiseanna oifigiúla ar leith.
- x Bheith grianghraif/físeáin de ghrúpa daoine óga a úsáid seachas daoine aonair.
- x Ba chóir iarracht a dhéanamh grianghraif a léiríonn éagsúlacht na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar imeachtaí Feachtas a úsáid buachaillí agus cailíní araon, meascán aoiseanna éagsúla, cumas agus grúpaí éagsúla.
- x Féadfar íomhánna a úsáid ar shuíomh idirlín Feachtas, ar na meáin shóisialta agus i bhfoilseacháin eile. Is féidir é seo a nascadh le ballraíocht chlubanna óige, cur isteach ar chomórtais, foirmeacha ceada do thurais, etc.
- x Níor chóir sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine óg a chur le grianghraif/físeáin, ach amháin nuair atáthar ag tabhairt aitheantais faoi leith dóibh as duais, gradam, etc. a bhuanú nó éacht a bhaint amach. m.sh. ní mholtar ainmneacha, seoladh, suimeanna na ndaoine óga a chur lena gcuid grianghraf.
- x Níor chóir ach grianghraif agus físeáin ina bhfuil daoine óga gléasta go cuí a úsáid m.sh. níor chóir ábhair ina bhfuil daoine óga ag caitheamh cultacha snámha a úsáid.
- x Tá cosc ar fhótagrafaíocht in aon seomra gléasta nó achar leithris.
- x Níor chóir go gcuirfeadh aon ghrianghraif/fhíseáin náire ar an duine óg.